Léiríonn díol amach imeachtaí mar iad sin agus go leor eile (lena n-áirítear an *Glenn Miller Orchestra*, Bailiúchán John Williams le Ceolfhoireann Choirme RTE, Albert Hammond, Emmy Lou Harris, *Puccini by Candlelight*, Elaine Paige, The Gloaming, Páis Naomh Maitiú le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ/ Cór Fiolarmónach RTÉ, The Sixteen, Nils Frahm agus ceolchoirmeacha am lóin Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ) go dtarraingíonn an t-ionad lucht éisteachta éagsúil feadh speictream an cheoil.

Cé go bhfuiltear fós íogaireach maidir le praghsanna, agus nach bhfuil lucht éisteachta ag iarraidh dul sa seans maidir lena roghanna ceolchoirme, tá an-tábhacht le margaíocht lena chinntiú go mbainimid an lucht éisteachta is mó is féidir amach. Ba chóir tiontú lucht éisteachta nua a thabhairt ar aird, ba é an chéad uair sa Cheoláras ag níos mó ná leath an líon daoine a d’fhreastail ar an ionad anuraidh.

#### Ar Líne agus Digiteach

Agus díolacháin ar líne de €3,281,629 (46% de líon iomlán na ndíolachán) mar a bhí in 2014, tháinig ardú mór ar réimsí gníomhaíochta ar líne eile (meáin shóisialta, cuairteoirí ar an láithreán gréasáin agus úsáideoirí fón póca) agus teagmháil láidir á déanamh le lucht éisteachta ar na hardáin uile.

Bhí treocht ach go háirithe ann maidir le fearais shoghluaiste in úsáid chun eolas a fháil nó chun ceannach. Bhí líon na gcuariteoirí ar ár láithreán gréasáin a raibh fearais shoghluaiste in úsáid acu in 2015 ardaithe 54% agus idirbheartaíochtaí ar na fearais sin ardaithe 67%.

Tá tionchar ag cúrsaí digiteacha chomh maith céanna ar léirmheasanna ceolchoirmeacha agus raon leathan díobh ag tarlú ar líne.



### Seirbhís do Chustaiméirí

Rinneadh an Ceoláras Náisiúnta a rangú sa dara háit as 150 branda trí shuirbhé náisiúnta ar bhrandaí ina raibh éispéiris chustaiméirí in Éirinn á dtomhas. Ba suirbhé cuimsitheach a bhí ansin a ndeachaigh *Amárach Consulting* ina bhun le haghaidh *Customer Experience Ireland* (cexi.org). Ba iad Comhair Creidmheasa na hÉireann a tháinig sa chéad áit agus Zú Bhaile Átha Cliath a tháinig sa tríú háit. *Aldi* agus *Boots* a thóg an dá spota deiridh le haghaidh na 5 bhranda is fearr.



### Compháirtíochtaí leis na Meáin

Le straitéis compháirtíochtaí leis na meáin de chuid na roinne Margaíochta agus Caidreamh Poiblí, tháinig ardú mór ar luach compháirtíochtaí den sórt sin i rith na bliana thar raon meán. Chruthaigh an Ceoláras Náisiúnta Coibhéis Luacha Margaíochta [AVE] iomlán de €11,379,139 ar chlúdach preasa agus craoltóireachta do 2015, arb ionann é agus ardú 17% ar fhigiúirí 2014.

### Athbhreithniú Branda

Cuireadh tú le hAthbhreithniú Branda mar mhórchuid de Straitéis 2015-2020 agus tar éis próiseas tairisceana san fhómhar, a bheidh bunathraitheach maidir lenár mbranda, ár gcuid margaíochta agus ár straitéis. Tá sé beartaithe é sin a thabhairt chun críche faoi Shamhradh 2016.

## 4. FORBAIRT

Ba é 2015 an chéad bhliain ó tharla an cúlú eacnamaíochta in 2008 ar ardaigh ioncam soláthair foriomlán an Ceoláras Náisiúnta, le hardú foriomlán de 18% ar 2014. Tá ioncam soláthair anois mar 8% d'ioncam an Ceoláras Náisiúnta.

### Urraíocht

D'ardaigh ioncam ón earnáil chorparáideach beagnach 30% in 2015 ó raon níos leithne de dheontóirí. Léiríonn sé sin meallacht an Ceoláras Náisiúnta maidir le raon urraitheoirí corparáideacha agus eile. Mar sin féin, tá cúrsaí eacnamaíochta maidir le bailiú airgid agus urraíocht fós dúshlánach agus iomaíoch. Cé gur tharla forás foriomlán mór, bhí urraíocht chorparáideach le haghaidh imeachtaí aonair agus ceolchoirmeacha faoi sprioc.

D'ardaigh tabhartais aonair, fondúireachta agus chorparáideacha don chlár *Oideachais, Pobail agus*

*For-Rochtana* go mór i rith 2015 agus ioncam iomlán de €121,547 ag teacht ó na foinsí sin (€59,100 in 2014). Is comhartha é sin go bhfuil go leor cuideachtaí ag athrú a gcur chuige maidir le hurraíocht agus cinntí urraíochta á ndéanamh faoi threallús freagracht shóisialta chorparáideach (CSR). D'imigh roinnt urraitheoirí fadtéarmacha ó chlár na gComhaltaí Corparáideacha go tacaíocht urraíochta níos luachmhaire do chlár oideachais agus for-rochtana.

Cé go mbaineann dúshlán leis sin sa ghearrthéarma, is deis thábhachtach é cur le bailiú airgid do chlár oibre náisiúnta na roinne Oideachais, Pobail agus For-Rochtana, clár a théann ó Dhún na nGall go Gaillimh go Corcaigh, chomh maith le leathnú i lár na tíre agus ar an gcósta thoir.

### Cairde an Ceoláras Náisiúnta

Cuireann *Cairde an Ceoláras Náisiúnta* go mór leis an mbraistint phobail a bhaineann leis an gCeoláras Náisiúnta. D'ardaigh líon na *gCairde* 20% ar fhigiúirí 2014 agus le leibhéal rannpháirtíochta ag dul i méid ar fáil.

Léiríonn an t-ioncam ó *Imeachtaí Bailithe Airgid* forás dearfach sna sé mhí deiridh den bhliain agus rannpháirtíocht láidir Chairde an Ceoláras Náisiúnta agus eile maidir le freastal ar an gClub Ceoil, ar an gCúrsa Tuisceana Ceoldrámaíochta chomh maith le roinnt nithe breise nua mar Chlub Suipéir rialta. Táthar ag súil le clár iomlán imeachtaí le haghaidh 2016 a thacóidh le hardú ioncaim sa réimse sin don bhliain atá romhainn.

D'ardaigh *Tabhartais Ar Líne* 23% bliain ar bhliain agus léiríonn sé sin teagmháil níos spriocdhírthe lenár gcustaiméirí ar an láithreán gréasáin chomh maith le hiarratas níos forghníomhaí maidir le tabhartais.

Cuireadh tús i gceart le clár tástála nua maidir le feachtais bhailithe airgid do shaintionscadail *Oideachais, Phobail agus For-Rochtana* in 2015 agus bhain trí fheachtas a sprioc amach i rith na bliana. Leanfar le tástáil in 2016 le clár spriocdhírthe le pátrúin de chuid an Ceoláras Náisiúnta a mhealladh le hairgead a thabhairt le haghaidh saintionscadal.

## 5. PEARSANRA AGUS OIBRÍOCHTAÍ

Chuir an Roinn Oibríochtaí níos mó ná 1,000 imeacht ar stáitse in 2015 ar fhreastail níos mó ná 320,000 pátrún orthu agus theastaigh soláthar seirbhísí bainistithe stáitse, léirithe, fuaime, soilse, deartha, closamhairc, leictreacha, fáiltithe, Os Comhair / Ar Chúl Stáitse, slándála, glantacháin, garchabhrach agus sábháilteacht ó dhóiteáin le haghaidh na n-imeachtaí agus na bpátrún sin uile.

### Caiteachas caipitil/uasghráduithe

Chuathas i mbun sraith d'uasghráduithe agus feabhsúcháin caipitil ar shaoaráidí teicniúla agus trealamh freisin i rith na bliana. Áirithe orthu sin bhí córas nua agus feabhsaithe Soilse Corraitheacha Próifíle /LED a fháil don Phríomh-Halla; deasca soilsithe nua a fháil, córais fuaime nua deartha do spásanna coimhdeachta, uasghráduithe ar sheirbhísí ginearálta soilsithe agus leictreacha.

### Oibreacha ar Fhoirgnimh

Cuireadh tús leis an obair athchóirithe ar Sheomraí Kevin Barry agus ar spás stiúideo breise taibhithe/cleachtaí ar an gcéad urlár, chomh maith le staighre éalaithe nua a chur isteach ag cúl an fhoirgnimh. Tá sé beartaithe an dá thionscadal a thabhairt chun críche go luath in 2016. Bhí dlúthbhaint ag an roinn Oibríochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na mionsonraíochtaí do sheirbhísí teicniúla, meicniúla agus leictreacha.

### Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne

Seoladh mórchlár rannpháirtíochta agus cultúir foirne laistigh den chuideachta in 2015. Tá sé mar aidhm leis an gclár *Voices* cultúr comhoibrithe idir-rannach agus comhluachanna a chruthú feadh na heagraíochta. Tháinig na luachanna agus iompair sin – Dearfacht, Tuiscint, Macántacht, Freagracht Phearsanta, Ionracas agus Meas – chun cinn tar éis céim fáthmheasach agus dheartha clár a raibh baint ag an bhfoireann go léir leis agus a léirítear anois i Straitéis 2015-2020 na cuideachta.

Tá an clár ag an gcéim chur chun feidhme anois agus tá na luachanna á neadú i gcultúr na cuideachta agus é mar chuspóir cur le trust agus muinín, obair i gcomhar níos fearr agus leibhéal níos airde a bhaint amach maidir le rannpháirtíocht fostaithe agus baill foirne aonair, feidhmíocht foirne agus cumas na heagraíochta a fhorbairt go leanúnach.

## 6. AIRGEADAS AGUS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE (IT)

Leanadh le córais agus nósanna imeachta an Ceoláras Náisiúnta a fhorbairt in 2015 a raibh feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí a sheachfhoinsiú mar chuid de.

Rinne an fhoireann iniúcháireachta inmheánaí nua athbhreithniú ardleibhéal ar chórais, nósanna imeachta agus cleachtais airgeadais na cuideachta de réir deachleachtais agus thuairisc siad chuig Coiste Airgeadais agus Iniúcháireachta an Bhoird. Tuairiscíodh go bhfuil córais rialaithe agus nósanna imeachta inmheánacha maithe ag an gCeoláras Náisiúnta chomh maith le cleachtais leanúnacha inmholta, rud a thugann dearbhú

réasúnta don Bhord go bhfuil sócmhainní an Ceoláras Náisiúnta cosanta, go bhfuil idirbhearta taifeadta i gceart agus go bhfuil cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go ndéanfaí iad a bhrath go pras.

Thuairisc an Coiste Airgeadais agus Iniúcháireachta freisin go bhfuil dea-bhainistíocht bhuiséadach agus córais rialaithe agus cleachtais mhaithe i bhfeidhm. Tugann na próisis mhionsonraithe maidir le planáil airgeadais agus buiséadú atá i bhfeidhm ag an gCeoláras Náisiúnta eolas bainistíochta airgeadais cuimsitheach.


Chuir an rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide roinnt tionscadal a bhí beartaithe do 2015 i gcrích, ina measc:-

- Cothromóir ualaigh a shuiteáil le ceithre freastalaí gréasáin chomhreacha a chumasú le háiritheintí ticéad a phróiseáil do dhíolacháin níos tapúla ar líne.
- Tollán díreach VPN (Líonra Priobháideach Fíorúil) a bhunú le díolacháin ar chártaí dochair/creidmheasa a phróiseáil níos tapúla.
- Córais ticéad an Ceoláras Náisiúnta a uasghrádú, lena n-áirítear láithreán gréasáin oiriúnaitheach agus saoráidí *Verified by Visa*.

Léiríonn an méid seo a leanas an briseadh síos ar ioncam an Ceoláras Náisiúnta don bhliain 2015:-

Ioncam Tuillete	€ 4,155,705
Deontas Reatha	€ 2,240,000
Ioncam Soláthair/Bailiú Airgid	€ 566,462

### IONCAM AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA 2015



■ Ioncam a tuilleadh ■ Deontas reatha  
■ Ioncam bailithe airgid




ALINA IBRAGIMOVA WITH THE BERGEN PHILHARMONIC



MAXIM VENGEROV



GEMMA NÍ BHRÁIN WINNER OF THE BERNADETTE GREEVEY AWARD



MAIRÉAD NÍ MHAONAIGH AND GLEN HANSARD



KIDS' CLASSICS IN CRUMLIN CHILDREN'S HOSPITAL

# TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ

## CHUIG COMHALTAÍ AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA

Tá ráitis airgeadais an Ceoláras Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 iniúchta againn ar leathanaigh 14 go 27. Is é dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn), lena n-áirítear FRS102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Cuirtear an tuarascáil seo ar fáil do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuairisc na n-iniúchóirí agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuairisc seo agus do na tuairimí atá déanta againn.

## Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as léargas a thabhairt atá fíor agus cóir. Tugtar míniú níos iomláine ina leith sin sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí. Táimidne freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairim a leiriú ina leith de réir dlí na hÉireann agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Leis na caighdeáin sin, éilítar orainn cloí le Caighdeán Eitice Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta [APB]

## Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais atá dóthanach le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear air sin na nithe seo a leanas a mheasúnú: cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí ó thaobh cúinsí na cuideachta agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtáíodh iad ar shlí leordhóthanach; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasacha arna ndéanamh ag na stiúrthóirí; agus leagan amach foriomlán na ráiteas airgeadais. Chomh maith leis sin, rinneamar an t-eolas uile airgeadais agus neamhairgeadais i dTuairisc na Stiúrthóirí, i Réamhfhocal an Chathaoirligh agus

i Réamhfhocal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a léamh chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas a aithint atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas a fuairamar agus muid i mbun an iniúchta. Má éiríonn linn aon mhíshonruithe nó neamhréireachtaí dealraitheacha a fháil amach, breithnimid na himpleachtaí dár dtuairisc.

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanas agus ar staid airgeadais na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2015 agus ar a heasnamh don bhliain dar chríoch amhlaidh; agus

- ullmhaíodh i gceart iad de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta Leis in Éirinn, agus go háirithe de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## Ábhair a bhfuil de cheangal orainn iad a thuairisciú le hAcht na gCuideachtaí 2014

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Inár dtuairim bhí na taifid chuntasaíochta leordhóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart.

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Inár dtuairim, tá an t-eolas a thugtar i dTuairisc na Stiúrthóirí, i Ráiteas an Chathaoirligh agus i dtuairisc an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag teacht leis na ráitis airgeadais.

## Ábhair a bhfuil de cheangal orainn iad a thuairisciú trí eisceacht

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn tuairisciú chugat, má chreidimid nach ndéantar nochtuithe maidir le luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta arna sonrú le hAilt 305 go 312 den Acht.


Ciarán Murray le haghaidh agus thar ceann


**Hayden Brown,**  
Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe  
Foirgnimh Grafton,  
34, Sráid Grafton,  
Baile Átha Cliath 2.  
30ú Márta 2016

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	NÓTA	2015 €	2014 €
OLLIONCAM		4,722,167	4,707,766
Costais Phromóisin		(3,201,735)	(2,995,609)
Costais Bhunaíochta		(725,804)	(779,612)
Costais Riaracháin		(528,174)	(398,611)
Costais Foirne	8	(2,795,939)	(2,679,922)
Dímheas	11	(234,481)	(218,206)
		<u>210,192</u>	<u>193,917</u>
		(2,553,774)	(2,170,277)
Aistriú ón gCúlchiste Orgáin	14	20,344	20,344
Deontas i gCabhair		2,240,000	2,140,000
(Easnamh) / Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta		<u>0</u>	<u>5,500</u>
(EASNAMH) / BARRACHAS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁIN	9	(293,430)	(4,433)
CÁNACHAS	10	<u>0</u>	<u>0</u>
(EASNAMH) / BARRACHAS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ TAR ÉIS CHÁIN		(293,430)	(4,433)
Aistriú chuig cúlchiste caipitil athfhorbartha	14	<u>0</u>	<u>0</u>
<b>(EASNAMH) / BARRACHAS TAR ÉIS AISTRITHE</b>		<u>(293,430)</u>	<u>(4,433)</u>

Is cuid lánpháirteach den chuntas brabúis agus cailteanais seo iad na nótaí atá ag gabháil leis. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais amhail ar an 30ú Márta 2016 arna shíniú thar a gceann ag :-

  
Gerry Kearney  
Stiúrthóir

  
Ray Bates  
Stiúrthóir

## RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	2015	2014
	€	€
(EASNAMH) / BARRACHAS DON BHLIAIN AIRGEADAIS	(293,430)	(4,433)
CÉIM LEANAÍ AGUS CÉILÍ FOIRNE	9,975	10,640
GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS IOMLÁNA DON BHLIAIN	<u>(283,455)</u>	<u>6,207</u>

## NÓTA DE NA BRABÚIS AR CHOSTAS STAIRIÚIL

(Easnamh) / Barrachas Tuariscithe ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Cháin	(293,430)	(4,433)
Réadú Ghnóthachan Athluachála Maoine na mblianta roimhe sin	0	0
	<u>(293,430)</u>	<u>(4,433)</u>
(EASNAMH) / BARRACHAS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁIN AR CHOSTAS STAIRIÚIL	<u>(293,430)</u>	<u>(4,433)</u>
(EASNAMH) / BARRACHAS DON BHLIAIN AISCHURTHA TAR ÉIS CHÁIN AR CHOSTAS STAIRIÚIL	<u>(293,430)</u>	<u>(4,433)</u>


## RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS AR AN 31 NOLLAIG 2015

	NÓTA	2015	2014
		€	€
<b>SÓCMHAINNÍ IN ÚSÁID</b>			
<b>SÓCMHAINNÍ DOCHTA</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	11	529,644	438,014
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)	12	364,920	242,283
Airgead tirim sa bhanc agus ar Láimh		4,586,314	4,639,543
		4,951,234	4,881,826
CREIDIÚNAITHE (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)	13	(3,235,344)	(2,727,391)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		1,715,890	2,154,435
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>		<u><b>2,245,534</b></u>	<u><b>2,592,449</b></u>
<b>ARNA MHAOINIÚ AG :- CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>			
Cuntas Iocaim agus Caiteachais	16	1,605,090	1,898,520
Cúlchistí Eile	14	640,444	693,929
		<u><b>2,245,534</b></u>	<u><b>2,592,449</b></u>

Is cuid lánpháirteach den chláir chomhordaithe iad na nótaí agus na beartais chuntasaíochta atá ag gabháil leis. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais amhail an 30ú Márta 2016 arna shíniú thar a gceann ag :-



**Gerry Kearney**  
Stiúrthóir



**Ray Bates**  
Stiúrthóir

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais €
<b><u>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014</u></b>	1,902,953
Easnamh don bhliain	(4,433)
Amúchadh Deontas Caipitil	193,917
Ardú i Muirear Dímheasa	(193,917)
<b><u>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014</u></b>	<u>1,898,520</u>
<b><u>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015</u></b>	1,898,520
Easnamh don bhliain	(293,430)
<b><u>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015</u></b>	<u>1,605,090</u>

## RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	2015 €	2014 €
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA</b>		
(Easnamh)/ barrachas oibríochta roimh cháin	(326,562)	(58,733)
(Caillteanas) / Brabús as Sócmhainn Sheasta a Dhiúscairt	0	(5,500)
Muirir Dhímheasa	234,481	218,206
Amuchadh Deontas Caipitil	(210,192)	(193,917)
Aistriú ó Chúlchiste Orgán	(20,344)	(20,344)
(Ardú) / Íslíú i bhFéichiúnaithe	(122,637)	(59,277)
(Íslíú) / Ardú i gCreidiúnaithe	585,309	158,131
Gluaiseacht Dheontais Chaipitil	(115,919)	(69,640)
Ardú i gCúlchistí Eile	(33,141)	(106,537)
Airgead ó oibríochtaí	<u>(9,005)</u>	<u>(137,611)</u>
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Inláimhsithe Seasta a Fháil	326,111	124,277
Deontais Chaipitil Isteach	(326,111)	(124,277)
Réadaithe as Sócmhainní Inláimhsithe a Dhíol	0	5,500
Ús Isteach	33,132	54,300
	<u>33,132</u>	<u>59,800</u>
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE</b>	<u>0</u>	<u>0</u>
<b>GLAN-ARDÚ IN AIRGEAD AGUS I GCOIBHÉISÍ AIRGID</b>	<u>24,127</u>	<u>(77,811)</u>
<b>AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG TÚS NA BLIANA</b>	4,562,187	4,639,998
<b>AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<u>4,586,314</u>	<u>4,562,187</u>



## NÓTAI MAIDIR LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

### 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an Ceoláras Náisiúnta bainteach go príomha leis an gceol a chur chun cinn ar na caighdeáin is airde, le cur le heolas, léirthiscint agus taitneamh an phobail maidir le ceol, drámaíocht, bailé agus na healaíona comhchosúla agus é sin a chur chun cinn.

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, agus í ionchorpraithe agus sainchónaithe in Éirinn.

Is iad seo na chéad ráitis airgeadais arna n-ullmhú ag an gCeoláras Náisiúnta de réir na gcaighdeán cuntasaióchta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, lena n-áirítear FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe” (“FRS 102”). D’athraigh an chuideachta ón GAAP Na hÉireann agus RA ar marthain roimhe seo chuig FRS 102 amhail an 1 Eanáir 2014. Mínítear an tionchar a bhí ag an athrú chuig FRS 102 ar an staid airgeadais agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an gcuideachta agus a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus na bliana roimhe seo:-

#### (a) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad leis na caighdeáin thuairiscithe airgeadais de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus le hAcht na gCuideachtaí 2014.

#### (b) Airgeadra

##### *i. Airgeadra Feidhmiúil agus Láithrithreach*

Tomhastar nithe san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí ina bhfeidhmíonn an chuideachta (“an t-airgeadra feidhmiúil”). Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil agus láithrithreach na cuideachta agus léirítear é leis an gcomhartha “€”.

##### *ii. Idirbhearta agus Iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta in airgeadra coigríche a aistriú go hairgeadra feidhmiúil ag baint úsáide as na rátaí malairte amhail ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear nithe airgid in airgeadra coigríche ag baint úsáide as an ráta deiridh ag deireadh gach tréimhse.

#### (c) Ioncam

Aithnítear ioncam sa mhéad is go bhfaigheann an chuideachta ceart comaoine mar chúiteamh dá fheidhmíocht. Tá ioncam comhdhéanta de luach cóir comaoine a fhaightear agus atá infhaighte, gan cáin bhreisluacha san áireamh agus tar éis lascaí agus aisíoca.

Sa chás go n-iarchuirtear an chomaoin infhaighte in airgead nó i gcoibhéisí airgid, agus gurb ionann an socrú agus idirbheart airgeadais, tomhastar a luach cóir mar luach reatha na bhfáltas uile amach anseo agus an ráta úis barúlach á úsáid.

Aithnítear ioncam ó earraí a dhíol nuair a théann rioscaí agus luach saothair a bhaineann le húnéireacht na n-earraí chuig an gceannaitheoir, nuair a sheoltar na hearraí de ghnáth, féadfar an méid ioncaim a thomhas go hiontaofa, nuair gur dócha go rachaidh na tairbhí geilleagracha a bhaineann leis an idirbheart chuig an eintiteas agus go bhféadfar na costais a thabhaítear nó a thabhófar i ndáil leis an idirbheart a thomhas go hiontaofa.



Aithnítear ioncam ó sheirbhísí a chur ar fáil sa tréimhse chuntasaíocht ina geuirtear ar fáil iad agus ina bhféadfar toradh an chonartha a mheas go hiontaofa.

#### (d) Deontais Rialtais

Aithnítear deontais rialtais ag a luach cóir sa chuntas ioncaim agus caiteachais áit a bhfuil dearbhú réasúnta go bhfaighfean an deontas agus gur chloigh an chuideachta leis na coinníollacha uile a ghabhann leis.

#### (e) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Léirítear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha.

Ríomhtar an muirear dímheasa sna Cuntais le luach gach Sócmhainn Sheasta de réir na leabhar a dhíscríobh le linn a gnáthré ionchais de réir méid chothroim ag na rátaí seo a leanas:-

Athruithe ar Áitribh ar Léas	:	10 go 50 Bliain
Pianoforte Steinway	:	5 Bliana
Córas Sonraí Ríomhaireachta	:	5 Bliana
Trealamh Oifige agus Lónadóireachta	:	5 Bliana
Píborgán	:	25 Bliain
Córas Aimplitheoirí agus Callairí	:	5 Bliana

#### *Bearnúchán*

Déantar sócmhainní nach bhfuil ag a luach cóir a athbhreithniú do bhearnúchán freisin aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe i gcúinsí go mbfhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithnach. Aithnítear cailteanas bearnúcháin mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a suim ain-aisghabhála.

Is í an tsuim in-aisghabhála an luach is airde ar an tsócmhainn idir luach cóir lúide costais díolacháin agus an luach le linn fónaimh. Sainítear luach le linn fónaimh mar luach reatha sreabhaidh airgid infhaighte amach anseo mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne. Déantar sreabhadh airgid a lascainiú tríd an ráta lascaine a úsáid a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus rioscaí bunúsacha na sócmhainne.

Má mheastar méid in-aisghabhála na sócmhainne a bheith níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a méid in-aisghabhála. Léirítear cailteanas lagaithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais, mura ndearnadh an tsócmhainn a athluacháil nuair a léirítear an méid san ioncam cuimsitheach maidir le haon athluacháil a léiríodh roimhe sin. Léirítear aon bharrachas ina dhiaidh sin sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Má aisiompaíonn cailteanas bearnúcháin, ardaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí meastachán athbhreithnithe na suime ghlanluacha, ní ach sa mhéad is nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha athbhreithnithe an tsuim ghlanluacha a chinneáil (glan ar dhímheas) dá mba rud é nach mbeadh cailteanas bearnúcháin léirithe i dtreimhsí roimhe sin. Léirítear aisiompú maidir le cailteanas bearnúcháin sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

#### (f) Féichiúnaithe Trádála agus Eile

Léirítear féichiúnaithe trádála agus eile ag praghas idirbhirt ar dtús mura bhfuil socrú maoinithe i bhfeidhm agus sa chás sin déantar iad a thomhas ag luach láithreach fáltais amach anseo lascainithe ag ráta margaidh. Déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta lúide aon soláthar do bhearnúchán. Bunaítear soláthar do bhearnúchán féichiúnaithe trádála nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an chuideachta ábalta na suimeanna dlite uile a bhailiú de réir théarmaí bunaidh fáltas. Is ionann suim an tsoláthair agus an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus luach láithreach sreafaí airgid measta amach anseo lascainithe ag an ráta úis éifeachtach. Léirítear gach gluaiseacht sa leibhéal soláthair a éilítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais.



### (g) Airgead agus Coibhéisí Airgid

Áirítear ar airgead agus coibhéisí airgid airgead ar lámh, taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí ardleachtacha gearrthéarmacha eile le haibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos giorra. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí sna dliteanais reatha sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

### (h) Creidiúnaithe trádála agus eile

Rangaítear creidiúnaithe trádála agus eile mar dhliteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos túsce. Léirítear mar dhliteanais neamhreatha iad mura mbíonn. Léirítear nithe trádála iníochta ar dtús ag an bpraghas idirbhirt agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

### (i) Soláthairtí

Léirítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó chuiditheach láithreach ar an gcuideachta mar thoradh ar theagmhais roimhe seo: gur dócha go n-éileofar eis-sreabhadh acmhainní leis an oibleagáid a réiteach; agus gur féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaoifa.

Tomhastar soláthairtí ag suim láithreach an chaiteachais a mheastar a éileofar leis an oibleagáid a réiteach ag úsáid ráta a léiríonn measúnachtaí margaidh láithreacha maidir le ham, luach ar airgear agus na rioscaí a bhaineann go sainsiúil leis an oibleagáid. Léirítear ardú sa soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas airgeadais.

### (j) Teagmhasacha

Ní léirítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn mar thoradh ar theagmhais roimhe seo, nuair a) nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní i gceist nó nach bhféadfar suim a thomhas go hiontaoifa ag an dáta tuairiscithe nó b) nuair a bheidh an t-eisiadh deimhnithe ag teagmhais neamhchinnte amach anseo a tharlóidh nó nach dtarlóidh nach mbeidh go hiomlán faoi smacht na cuideachta. Nochtaítear dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais murar beag an seans go dtarlóidh eis-sreabhaidh acmhainní.

Ní léirítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtaítear sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair gur dócha go dtarlóidh insreabhadh tairbhí geilleagracha.

### (k) Sochair Fhostaithe

Cuireann an chuideachta raon tairbhí ar fáil d'fhostaithe.

Léirítear tairbhí gearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus tairbhí neamhairgid comhchosúla eile mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tairbhe.

## 2. TRASDUL GO FRS 102

Bhíodh ráitis airgeadais na cuideachta á n-ullmhú faoin GAAP Na hÉireann ar marthain roimhe seo, roimh an 1 Eanáir 2015. Roghnaigh an chuideachta a cuid ráitis airgeadais bhliantúla a thiolacadh de réir FRS 102 agus Acht na gCuideachtaí 2014 ón 1 Eanáir 2015.

Tá na figiúirí comparáideacha i ndáil le ráitis airgeadais 2014 athluaite chun glacadh na cuideachta le FRS102 ón dáta trasdula amhail an 1 Eanáir 2014 a léiriú.

Leagtha amach thíos tá na hathruithe i mbeartais chuntasaíochta a réitíonn an t-easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2014 agus cúlchiste iomlán an chuntais ioncaim agus chaiteachais amhail an 1 Eanáir 2014 agus 31 Nollaig 2014 idir GAAP Na hÉireann mar a tuairiscíodh roimhe seo agus FRS 102.

Agus an t-eolas airgeadais seo á ullmhú, tá eisceachtaí áirithe i bhfeidhm ag an gcuideachta ó fheidhmiú iomlán siarghabhálach FRS 102 mar a thugtar ar aird thíos.

### Eisceachtaí

#### *Meastacháin Chuntasáíochta*

De réir FRS 102, mar ghlacadóir céaduaire, níor leasaigh an chuideachta meastacháin le heolas nua i ndiaidh na meastachán bunaidh a léiriú.

### 3. SÁRÚ FÍOR AGUS COTHROM

Bhain na stiúrthóirí leas as forálacha Alt 291(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 le formáid a úsáid do na ráitis airgeadais a dhéanann cur síos fearr ar ghníomhaíochtaí cuideachta nach bhfuil ag trádáil ar mhaithe le brabús. Is é an príomhathrú atá i gceist ná an teideal “Toncam agus Caiteachas” a chur in áit an teidil “Brabús agus Caillteanais” agus an teideal “Ráiteas maidir le Staid Airgeadais” a chur in áit “Clár Comhardaithe” chomh maith le hathruithe dá bharr sin sa chur síos ar nithe áirithe le bheith ar aon dul le cur síos atá oiriúnach don earnáil neamhbhrabúis.

### 4. PRÍOMHCHOIGEARTUITHE FRS 102

Is mar seo a leanas atá réiteach an ioncaim agus caiteachais arna ullmhú de réir GAAP Na hÉireann agus de réir FRS 102 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 agus réiteach suim an chuntais bhrabúis agus chaillteanais amhail an 31 Nollaig 2014, sular cuireadh FRS 102 i bhfeidhm agus ina dhiaidh.

	Easnamh don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais amhail an 1 Eanáir 2014	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais amhail an 31 Nollaig 2014
	€		
Tuairiscithe faoi GAAP na hÉireann	(4,433)	1,902,953	1,898,520
Amúchadh Deontas Caipitil	193,917	193,917	193,917
Ardú Dímhéasa	(193,917)	(193,917)	(193,917)
Tuairiscithe faoi FRS 102	(4,433)	1,902,953	1,898,520

#### (a) Fabhrú Pá Saoire

##### *GAAP na hÉireann*

Faoi GAAP na hÉireann, níor léirídh soláthairtí do phá saoire agus rinneadh pá saoire a mhuirearú sa chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a íocadh é.

##### *FRS 102*

Éilítear le FRS 102 go ndéanfaí tairbhí gearrthéarmacha fostaithe a mhuirearú sa chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a éilítear seirbhís an fhostaí.

##### *Tionchar*

Tá taifid phárolla foirne athbhreithnithe ag an gcuideachta agus tá sé deimhnithe nach raibh aon suim ábhartha dlite i ndáil le fabhrú pá saoire amhail an 31 Nollaig 2014.

#### (b) Deontais Rialtais

##### *GAAP na hÉireann*

Faoi GAAP na hÉireann rinneadh deontais chaipitil a chur chun sochair in aghaidh costas na sócmhainne seasta.



## FRS 102

Éilítear le FRS 102 go ndéanfaí deontais chaipitil a amúchadh thar ré gheilleagrach na sócmhainne.

### Tionchar

Tá na deontais chaipitil a fuarthas athbhreithnithe ag an gcuideachta agus tá dímheas agus amúchadh na ndeontas leasaithe mar a éilítear do chuntais dar chríoch an 31 Nollaig 2014 agus 2015.

## 5. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú tá ceanglas ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas agus ar shuimeanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus speansas.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheasúnú go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtoirí eile, lena n-áirítear teagmhais ionchais amach anseo a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca.

Bíonn meastacháin agus boinn tuisceana ag an gcuideachta maidir leis an todhchaí. Ní minic a bheidh na meastacháin chuntasaíochta dá thoradh sin, de réir sainmhínte, cothrom leis an toradh gaolmhar iarbhír. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil riosca suntasach ag baint leo a bheith mar chúis le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas a choigeartú laistigh den chéad bliain airgeadais eile.

### a) Ré gheilleagrach úsáideach a dhéanamh amach do chríocha dímheasa sócmhainní seasta

Déanann sócmhainní seasta suas cuid ábhartha de ghlansócmhainní. Braitheann an muirear dímheasa bliantúin go príomha ar ré gheilleagrach úsáideach gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin luachanna iarmharacha. Is féidir le hathruithe i ré úsáideach sócmhainne tionchar mór a bheith acu ar mhuirir dhímheasa agus amúchta don tréimhse. Tá mionsonraí maidir le ré gheilleagrach úsáideadh san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

## 6. TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Shínigh an tAire Heather Humphreys ordú um thosach feidhme an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) 2015 an 1 Feabhra 2016. Ba é sin an dáta a scoir Cuideachta an Ceoláras Náisiúnta agus a bunaíodh an comhlacht reachtúil An Ceoláras Náisiúnta. Déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an comhlacht nua sin a iniúchadh.

## 7. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

	2015	2014
	€	€
<i>Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad arna dtomhas ag costas amúchta</i>		
Féichiúnaithe trádála	175,709	83,136
Féichiúnaithe eile	189,211	159,147
Airgead sa bhanc agus ar láimh	4,586,314	4,639,543
<i>Dlitéanais airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta</i>		
Iasachtaí bainc agus eile	0	77,356
Creidiúnaithe trádála	419,862	262,678
Deontais chaipitil iarchurtha	430,055	314,136
Réamh-Áirithintí agus tascí	1,635,971	1,642,020

## 8. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

	2015	2014
		Lion na bhFostaithe
Ba é an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta sa bhliain airgeadais ná 102 (2014:102) agus tá siad anailísithe sna catagóirí seo a leanas:-		
Tacaíocht Ceolchoirmeacha	77	77
Riarachán	25	25
	<u>102</u>	<u>102</u>

	2015	2014
	€	€

Tá na costais fhoirne comhdhéanta de:

Pá agus Tuarastail	2,483,491	2,374,083
Costais Leasa Shóisialaigh	241,762	235,153
Costais Phinsin	70,686	70,686
	<u>2,795,939</u>	<u>2,679,922</u>

## 9. BRABÚS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁIN

	2015	2014
	€	€

Sonraítear an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin tar éis muirearú/(creidiúnú)

Luach Saothair an Chathaoirligh	0	2,993
Luach Saothair na nIniúcháirí	25,000	25,022
Luach Saothair Iniúchára Seirbhísí Neamhiniúchta	4,858	4,858
Dímheas	234,481	218,206
Deontas i gCabhair	<u>(2,240,000)</u>	<u>(2,140,000)</u>

## 10. CÁNACHAS

Mar gheall ar chailteannais ar aghaidh agus Alt 32 den Acht Airgeadais 1984 ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn. Fuair an Ceoláras Náisiúnta díolúine chánach charthanúil (uimhir CHY 6469) an 16 Lúnasa 2012 agus faoi alt 207 (mar a fheidhmítear ar chuideachtaí le halt 76) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nílfear faoi dhliteanas cáin chorparáide a íoc ón dáta sin.



## 11. SÓCMHAINNÍ DOCHTA

	larmhéid Tosaigh	Breise	Diúscairtí	larmhéid Deiridh
<u>INLÁIMHSITHE</u>	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	803,025	16,380	0	819,405
Athruithe ar Áitreabh Léasach	368,129	0	0	368,129
Píborgán	711,605	0	0	711,605
Córas Sonraí Ríomhaireachta	1,588,634	24,117	0	1,612,751
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	2,257,783	175,002	0	2,432,785
Pianoforte Steinway	376,576	87,063	0	463,639
Córas Teileafóin	144,233	0	0	144,233
Consól Meascacháin	162,216	23,549	0	185,765
	6,412,201	326,111	0	6,738,312

	larmhéid Tosaigh	Muirear Don Bhliain	Diúscairtí	larmhéid Deiridh
<u>DÍMHEAS</u>	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	723,236	41,665	0	764,901
Athruithe ar Áitreabh Léasach	271,736	3,945	0	275,681
Píborgán	684,476	20,344	0	704,820
Córas Sonraí Ríomhaireachta	1,519,816	27,292	0	1,547,108
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	2,106,802	114,057	0	2,220,859
Pianoforte Steinway	376,567	17,413	0	393,980
Córas Teileafóin	143,635	290	0	143,925
Consól Meascacháin	147,919	9,475	0	157,394
	5,974,187	234,481	0	6,208,668

31.12.14

€

GLANLUACH LEABHAIR

438,014

31.12.15

€

529,644



## 11. (a) SÓCMHAINNÍ DOCHTA

	larmhéid Tosaigh	Breise	Diúscairtí	larmhéid Deiridh
<b><u>INLÁIMHSITHE</u></b>	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	795,524	7,501	0	803,025
Athruithe ar Áitreabh Léasach	368,129	0	0	368,129
Píborgán	711,605	0	0	711,605
Córas Sonraí Ríomhaireachta	1,589,284	49,350	0	1,588,634
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	2,190,357	67,426	0	2,257,783
Pianoforte Steinway	376,576	0	0	376,576
Córas Teileafóin	144,233	0	0	144,233
Consól Meascacháin	162,216	0	0	162,216
	<b>6,287,924</b>	<b>124,277</b>	<b>0</b>	<b>6,412,201</b>

**DÍMHEAS**

	larmhéid Tosaigh	Muirear Don Bhliain	Diúscairtí	larmhéid Deiridh
	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	684,847	38,389	0	723,236
Athruithe ar Áitreabh Léasach	267,791	3,945	0	271,736
Píborgán	664,132	20,344	0	684,476
Córas Sonraí Ríomhaireachta	1,473,679	46,137	0	1,519,816
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	2,002,467	104,335	0	2,106,802
Pianoforte Steinway	376,567	0	0	376,567
Córas Teileafóin	143,345	290	0	143,635
Consól Meascacháin	143,153	4,766	0	147,919
	<b>5,755,981</b>	<b>218,206</b>	<b>0</b>	<b>5,974,187</b>

31.12.13

€

**GLANLUACH LEABHAIR**

531,943

31.12.14

€

438,014



## 12. FÉICHIÚNAITHE

	2015	2014
	€	€
Féichiúnaithe Trádála	175,709	83,136
Costais Réamhíoctha	189,211	159,147
CBL	0	0
	<u>364,920</u>	<u>242,283</u>

## 13. CREIDIÚNAITHE

	2015	2014
	€	€
<b>Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain</b>		
Creidiúnaithe Trádála	419,862	262,678
ÍMAT/ÁSPC	86,676	83,657
CBL	38,705	47,348
Ilchreidiúnaithe agus Fabhruithe	624,075	300,196
Deontais Chaipitil Iarchurtha	430,055	314,136
Rótharraingt bainc	0	77,356
Réamháirithintí agus Éarlaisí	1,635,971	1,642,020
	<u>3,235,344</u>	<u>2,727,391</u>

## 14. CULCHISTÍ EILE

	2015	2014
	€	€
Scéim Pinsin Céilí	180,422	170,447
Cúlchiste Orgáin	6,782	27,126
Scéim AVC	159,366	160,124
Cúlchiste Oideachais agus For - rochtana	48,514	61,014
Cúlchiste Caipitil Athfhorbartha <b>Nóta 15</b>	245,360	275,218
	<u>640,444</u>	<u>693,929</u>

Is léiriú é an Cúlchiste Orgáin ar bhronntanais a fuarthas chun orgain a chur ar fáil don Cheoláras Náisiúnta nó airgead a chur ar fáil chun orgán a cheannach nó chun cúnaimh a thabhairt orgán a cheannach, nó aon cúnaimh eile a thabhairt arna aontú ag na hÍontaobhaithe.

Beidh an Cúlchiste Órgain á dhíscríobh do Chuntas Brabúis agus Caillteanais thar thréimhse cúig bhliana is fiche ag teacht leis an mbeartas dímheasa.

Ar an 8 Márta 2007 thug Anne-Sophie Mutter ceolchoirm agus tugadh an fáiltas as don Cheoláras Náisiúnta le húsáid a bhaint as don Chlár Oideachais agus For-Rochtana go heisiach.

Chinn an Ceoláras Náisiúnta cúlchiste caipitil athfhorbartha a bhunú a bhfuil sé mar chuspóir aige maoiniú a dhéanamh ar chostais athfhorbartha an Árais amach anseo.





## 15. CÚLCHISTE CAIPITIL ATHFHORBARTHA

	2015	2014
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	275,218	393,154
Tabhartais Fhaighte	22,523	36,135
Caiteachas Tabhaithe	(52,381)	(154,071)
Iarmhéid Deiridh	<u>245,360</u>	<u>275,218</u>

## 16. RÉITEACH GLUAISEACHTA SA CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

	2015	2014
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	1,898,520	1,902,953
Barrachas don bhliain	(293,430)	(4,433)
Iarmhéid Deiridh	<u>1,605,090</u>	<u>1,898,520</u>

## 17. SCAIRCHAIPITEAL

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í Cuideachta an Ceoláras Náisiúnta nach bhfuil aon scairchaipiteal aige, leis an bhfocal “Teoranta” ar lár ag Ceadúnas an Aire Tionscail, Tráchtála agus Turasóireachta.

## 18. PINSIN

Cuireadh Scéim Pinsin Foirne an Ceoláras Náisiúnta i bhfeidhm an 1ú Iúil 1987. Titfidh caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna ar acmhainní an Ceoláras mar a bheidh siad iníoctha. Caithfear an caiteachas sin a thógáil san áireamh i ríomh an Deontas i gCabhair. Cuireadh scéim na leanaí agus na gcéilí i bhfeidhm an 1ú Meán Fómhair 1987.

## 19. CAITEACHAS CAIPITIL

Ba é an Caiteachas Caipitil a tabhaíodh dó ag 31ú Nollaig 2015 ná €Neamhní.

## 20. CEADÚ STIÚRTHÓIRÍ

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais amhail ar an 30ú Márta 2016 agus arna shíniú thar a gceann ag:-

**Gerry Kearney**  
Stiúrthóir

**Ray Bates**  
Stiúrthóir

## 21. BORD AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA - FREASTAL AR CHRUIINNITHE 2015

	G. Kearney	R. Bates	L. Cearr	D. Collins	R. Gageby	R. Holstead	A. Hynes	D. Kelleher	P. McEvoy	J. McGrane	M. McGrath	G. Menzies	M. Ó Súilleabháin	K. Tobin	B. Whelan
Eanáir 29 2015	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí
Márta 26 2015 CCB	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí
Márta 26 2015 CCB	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Bealtaine 28 2015	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí
Iúil 9 2015	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Meán Fómhair 24 2015	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Ní raibh
Samhain 26 2015	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí

## 22. NÓTAI MAIDIR LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	G. Kearney	R. Bates	L. Cearr	D. Collins	R. Gageby	R. Holstead	A. Hynes	D. Kelleher	P. McEvoy	J. McGrane	M. McGrath	G. Menzies	M. Ó Súilleabháin	K. Tobin	B. Whelan
Costais Íoctha in 2015	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	€1,111.30	€1,368.72	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	€469.60	Dada	Dada
Míleáiste						€434.93	€1,368.72						€95.05		
Traein						€635.38							€269.50		
Eitiltí						€40.99									
Tacsai													€82.40		
Cothabháil													€2.65		
Carrechlós													€20.00		

## 23. AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA - DÍOLAÍOCHT AN CHATHAOIRLIGH 2015

	G. Kearney
Díolaíocht an Chathaoirligh	€0

## 24. AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA - TUARASTAL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH 2015

	S. Taylor
Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh	€102,928